

museum

National Museum of Ireland

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Coimeádaí Startha Cuimsitheacha – Cultúr an Lucht Siúil (Coimeádaí Cúnta Grád II)

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí cuí chun an phost seo a leanas a líonadh: Coimeádaí Startha Cuimsitheacha – Cultúr an Lucht Siúil (Coimeádaí Cúnta Grád II). Is post buan lánaimseartha é seo agus líonfar an post trí agallaimh oscailte iomaíocha a dhéanamh.

Cuspóir an Phoist

Beidh ról lárnach ag an gCoimeádaí Startha Cuimsitheacha, i dtiomantas Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le rochtain agus cuimsitheacht trí spriocphobail a nascadh lenár mbailiúcháin trí thaispeántais chomhchoimeádta agus trí thionscadail chomhléirithe, gach ceann acu le fócas soiléir ar chomhionannas, éagsúlacht, agus cuimsiú.

Príomhghné den ról seo is ea caidreamh cothromasach a fhorbairt le daoine aonair, foinsí agus diaspóra ábhartha laistigh den Lucht Siúil. Trí oibriú i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an mhúsaem, agus ar thionscadail chomhchoimeádta le iCAN agus le heagraíochtaí nó daoine aonair seachtracha eile, beidh an Coimeádaí Startha Cuimsitheacha rannpháirteach freisin i bhforbairt bhailiúcháin an Ard-Mhúsaem de chultúr ábhartha a bhaineann le pobail lena n-áirítear an Lucht Siúil, nach raibh dóthain ionadaíochta déanta orthu go stairiúil inár mbailiúcháin. Cabhróidh siad chomh maith le forbairt clár poiblí, beartas agus nósanna imeachta nua agus straitéisí cumarsáide a chuireann tacú faoi fhís Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le músaem níos cuimsithí agus níos inrochtana a bhaint amach.

Cabhróidh an Coimeádaí Startha Cuimsitheacha – Cultúr an Lucht Siúil le cláir phoiblí a sheachadadh a ardóidh feachtas agus tuiscint ar ábharthacht agus ar thábhacht na mbailiúcháin reatha, chomh maith le cur le rochtain níos fearr ar na bailiúcháin.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chlúdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cáipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfean an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratais

Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00

Dé hAoine an 26 Iúil 2024

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífean leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháliú ina thoradh ar chanbhasáil.**